AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 20.12.2010
COIM(2010) 764 leagan deireanach

2010/0368 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le haisghairm gníomhartha áirithe ón gComhairle atá imithe i seandacht i réimse an chomhbheartais talmhaíochta

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Tá roinnt gníomhartha a glacadh thar na blianta a bhfuil a n-éifeachtaí go léir ídithe, ach tá siad fós i bhfeidhm go teicniúil. Tá siad imithe i seandacht toisc gur ábhar sealadach a bhí i gceist iontu, nó toisc go bhfuil an t-ábhar atá iontu cuimsithe i ngníomhartha leantacha. Tá roinnt beart a bhain le haontachas Ballstát nua imithe i seandacht anois tar éis a n-aontachas. D'aontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ina gcomhaontú idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr gur cheart dlí an Chomhphobail a thabhairt cothrom le dáta agus a chomhdhlúthú trí ghníomhartha nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh a aisghairm. Ba cheart ionstraimí nach bhfuil ábhartha a thuilleadh a bhaint as an *acquis communautaire* d'fhonn trédhearcacht agus deimhneacht dhlí an Aontais a fheabhsú.

Tá roinnt beart déanta ag an gCoimisiún chun reachtaíocht atá imithe i seandacht a bhaint as an *acquis*, cuid acu trí nós imeachta aisghairthe traidisiúnta, cuid acu trína fhógairt go bhfuil na gníomhartha iomchuí de chuid an Choimisiúin imithe i seandacht. Ina theannta sin, d'aithin an Coimisiún roinnt gníomhartha ón gComhairle a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta, ach atá bunaithe ar Airteagail 42 agus 43 den Chonradh (sean-Airteagail 36 agus 37), a bhfuil gach éifeacht phraiticiúil ídithe acu ach atá fós i bhfeidhm go foirmiúil. Níl sé de chumhacht ag an gCoimisiún a fhógairt go bhfuil gníomhartha a ghlac an Chomhairle imithe i seandacht. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, molann an Coimisiún gur cheart don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa na gníomhartha atá liostaithe sa togra seo a aisghairm.

2010/0368 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le haisghairm gníomhartha áirithe ón gComhairle atá imithe i seandacht i réimse an chomhbheartais talmhaíochta

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, an chéad fhomhír d'Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de ,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 1979, agus go háirithe Airteagal 60, Airteagal 61 pointe 5 agus Airteagal 72(1) de ,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Spáinne agus na Portaingéile, agus go háirithe Airteagal 234(3) de ,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá feabhsú ar dhlí an Aontais ina ghné bhunúsach den straitéis um reachtóireacht níos fearr atá á cur chun feidhme ag institiúidí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí na hionstraimí siúd nach bhfuil aon fhíor-éifeacht acu a thuilleadh a bhaint ón reachtaíocht ghníomhach.

(2) Tá na Rialacháin seo a leanas a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta imithe i seandacht, cé go bhfuil siad fós i bhfeidhm go foirmiúil:

– Rialachán (CEE) Uimh. 2052/69 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 1969 maidir le maoiniú Comhphobail ar chaiteachas a eascraíonn as cur chun feidhme an

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .

Choinbhinsiúin um Chúnamh Bia[3]. Tá éifeachtaí an Rialacháin sin ídithe os rud é gur ionchorpraíodh a bhfuil ann in ionstraimí leantacha.

– Rialachán (CEE) Uimh. 1467/70 ón gComhairle an 20 Iúil 1970 lena leagtar síos rialacha ginearálta áirithe lena rialaítear idirghabháil ar mhargadh an tobac amh[4]. Tá éifeachtaí an Rialacháin sin ídithe os rud é gur ionchorpraíodh a bhfuil ann in ionstraimí leantacha.

– Rialachán (CEE) Uimh. 3279/75 ón gComhairle an 16 Nollaig 1975 maidir le caighdeánú ar an gcaoi a láimhseálann na Ballstáit aonair allmhairí de chrainn bheo agus plandaí eile, bleibeanna, fréamhacha agus a leithéidí, bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach ó thíortha nach bhfuil ina mballstáit[5]. Tá éifeachtaí an Rialacháin sin ídithe os rud é gur ionchorpraíodh a bhfuil ann in ionstraimí leantacha.

– Rialachán (CEE) Uimh. 1078/77 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 lena dtugtar isteach córas préimheanna do neamh-mhargú bainne agus táirgí bainne agus maidir le tiontú bólachtaí[6]. Tugadh isteach bearta leis an Rialachán sin a bhí infheidhme go dtí an 31 Márta 1978 agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CEE) Uimh. 1853/78 an 25 Iúil 1978 lena nglactar rialacha ginearálta maidir le bearta speisialta i leith síolta ricne[7]. Tugadh bearta isteach leis an Rialachán sin maidir le cur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 2874/77 ón gComhairle an 19 Nollaig 1977 lena leagtar síos bearta áirithe maidir le síolta ricne[8] a bhí infheidhme go dtí an 30 Meán Fómhair 1984 agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CEE) Uimh. 2580/78 ón gComhairle an 31 Deireadh Fómhair 1978 lena síntear bliain mhargaíochta 1977–78 i gcomhair ola olóige, lena ndéantar foráil do bhearta speisialta don earnáil sin agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 878/77 maidir leis na rátaí malairte le cur i bhfeidhm sa talmhaíocht[9]. Níor cumhdaigh an Rialachán sin ach na blianta margaíochta 1977–78 agus 1978–79 agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CEE) Uimh. 1/81 ón gComhairle an 1 Eanáir 1981 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le suimeanna cúiteacha an chórais aontachais i gcomhair gránach[10]. Bhí an Rialachán sin le cur i bhfeidhm sa tréimhse idirthréimhseach tar éis aontachas na Gréige do na Comhphobail Eorpacha agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CEE) Uimh. 1946/81 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1981 lena ndéantar cabhair infheistíochta a shrianadh maidir le táirgeadh bainne[11]. Tá éifeachtaí an Rialacháin sin ídithe os rud é gur ionchorpraíodh a bhfuil ann in ionstraimí leantacha.

---

3 IO L 263, 21.10.1969, lch. 6.
4 IO L 164, 27.7.1970, lch. 32.
5 IO L 326, 18.12.1975, lch 1.
6 IO L 131, 26.5.1977, lch. 1.
7 IO L 212, 2.8.1978, lch. 1.
8 IO L 332, 24.12.1977, lch. 1.
9 IO L 309, 1.11.1978, lch. 13.
10 IO L 1, 1.1.1981, lch. 1.
11 IO L 197, 20.7.1981, lch. 32.

– Rialachán (CEE) Uimh. 2989/82 ón gComhairle an 9 Samhain 1982 maidir le cabhair a dheonú i leith tomhaltais ime sa Danmhairg, sa Ghréig, san Iodáil agus i Lucsamburg[12]. Bearta sealadacha amháin a tugadh isteach leis an Rialachán sin agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CEE) Uimh. 3033/83 ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 1983 lena ndíothaítear an tsuim chúiteach 'aontachais' a bhí infheidhme maidir le fíonta licéir[13]. Bhí an Rialachán sin le cur i bhfeidhm sa tréimhse idirthréimhseach tar éis aontachas na Gréige do na Comhphobail Eorpacha agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CEE) Uimh. 564/84 ón gComhairle an 1 Márta 1984 maidir le cabhair i gcomhair infheistíochtaí i réimse an táirgthe bainne a chur ar fionraí[14]. Níor chumhdaigh Rialachán sin ach an bhliain 1984 agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CEE) Uimh. 2997/87 ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 1987 lena leagtar síos, maidir le leannlusanna, méid na cabhrach do tháirgeoirí le haghaidh fhómhar 1986 agus lena bhforáiltear maidir le bearta speisialta i gcomhair réigiún táirgthe áirithe[15]. Tugadh isteach beart speisialta leis an Rialachán sin a bhí infheidhme go dtí an bhliain 1990 agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CEE) Uimh. 1441/88 ón gComhairle an 24 Bealtaine 1988 lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 822/87 maidir le comheagraíocht mhargaí an fhíona[16]. Trí bhíthin an Rialacháin sin tugadh de chumhacht don Chomhairle forálacha idirthréimhseacha áirithe a d'eascair ó aontachas na Portaingéile do na Comhphobail Eorpacha a oiriúnú agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CEE) Uimh. 1720/91 ón gComhairle an 13 Meitheamh 1991 lena leasaítear Rialachán Uimh. 136/66 maidir le bunú chomheagraíocht mhargaí na n-olaí agus na saille[17]. Tugadh isteach roinnt bearta eisceachtúla i gcomheagraíocht mhargaí na n-olaí agus na saille trí bhíthin an Rialacháin sin, a bhí infheidhme go dtí an 30 Meitheamh 1992 ar a dhéanaí, agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CEE) Uimh. 740/93 ón gComhairle an 17 Márta 1993 lena socraítear cúiteamh ón gComhphobal maidir le foirceannadh críochnaitheach an táirgthe bainne sa Phortaingéil[18]. Tugadh isteach beartais leis an Rialacháin sin a bhí le cur i bhfeidhm go dtí 1996 agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CEE) Uimh. 741/93 ón gComhairle an 17 Márta 1993 maidir le cur i bhfeidhm an phraghais idirghabhála choitianta i gcomhair ola olóige sa Phortaingéil[19]. Bhí an Rialachán sin le cur i bhfeidhm sa tréimhse idirthréimhseach tar éis aontachas na Portaingéile chuig na Comhphobail Eorpacha agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

---

12 IO L 314, 10.11.1982, lch. 25.
13 IO L 297, 29.10.1983, lch. 1.
14 IO L 61, 2.3.1984, lch. 34.
15 IO L 284, 7.10.1987, lch. 19.
16 IO L 132, 28.5.1988, lch. 1.
17 IO L 162, 26.6.1991, lch. 27.
18 IO L 77, 31.3.1993, lch. 5.
19 IO L 77, 31.3.1993, lch. 7.

– Rialachán (CEE) Uimh. 744/93 ón gComhairle an 17 Márta 1993 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le cur i bhfeidhm na meicníochta trádála forlíontaí i leith seachadtaí de tháirgí seachas torthaí agus glasraí sa Phortaingéil[20]. Bhain an Rialachán sin le hinfheidhmeacht maidir leis an bPortaingéil Rialachán (CEE) Uimh. 3817/92 ón gComhairle an 28 Nollaig 1992 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le cur i bhfeidhm na meicníochta trádála forlíontaí i leith táirgí seachas torthaí agus glasraí a allmhairiú isteach sa Spáinn,[21] a aisghaireadh ina dhiaidh sin agus a bhfuil a éifeachtaí ídithe dá bhrí sin.

– Rialachán (CE) Uimh. 2443/96 ón gComhairle an 17 Nollaig 1996 lena ndéantar foráil maidir le bearta breise chun tacú go díreach le hioncaim táirgeoirí nó le hearnáil an mhairteola agus an laofheola[22]. Níor chumhdaigh an Rialachán sin ach an bhliain 1997 agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CE) Uimh. 2200/97 ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 1997 maidir le táirgeadh úll, piorraí, péitseog agus neachtairíní sa Chomhphobal a fheabhsú[23]. Bhí sé i gceist go dtabharfaí préimh speisialta isteach don bhliain mhargaíochta 1997–1998 leis an Rialachán sin agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CE) Uimh. 2330/98 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1998 lena ndéantar foráil maidir le cúiteamh a thairiscint do tháirgeoirí áirithe bainne agus táirgí bainne a bhfuil srian shealadach curtha orthu i gcur chun críche a gceirde[24]. Níor chumhdaigh an Rialachán sin ach bearta sealadacha agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CE) Uimh. 2800/98 ón gComhairle an 15 Nollaig 1998 maidir le bearta idirthréimhseacha le cur i bhfeidhm faoin gcomhbheartas talmhaíochta d'fhonn an euro a thabhairt isteach[25]. Bhí sé i gceist go ndéanfaí foráil leis an Rialachán seo maidir le bhearta sealadacha amháin agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CE) Uimh. 2802/98 ón gComhairle an 17 Nollaig 1998 maidir le clár chun táirgí talmhaíochta a sholáthar do Chónaidhm na Rúise[26]. Bhí sé i gceist go ndéanfaí foráil leis an Rialachán seo maidir le bearta aonuaire amháin agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CE) Uimh. 660/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2075/92 agus lena socraítear na préimheanna agus na tairseacha ráthaíochta i leith tobac duilleog de réir grúpa cineáil agus Ballstáit le haghaidh fhómhair 1999, 2000 agus 2001[27]. Níor chumhdaigh an Rialachán sin ach amháin fómhair 1999, 2000 agus 2001 agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

---

20 IO L 77, 31.3.1993, lch. 11.
21 IO L 387, 31.12.1992, lch. 12.
22 IO L 333, 21.12.1996, lch. 2.
23 IO L 303, 6.11.1997, lch. 3.
24 IO L 291, 30.10.1998, lch. 4.
25 IO L 349, 24.12.1998, lch. 8.
26 IO L 349, 24.12.1998, lch. 12.
27 IO L 83, 27.3.1999, lch. 10.

– Rialachán (CE) Uimh. 546/2002 ón gComhairle an 25 Márta 2002 lena socraítear na préimheanna agus na tairseacha ráthaíochta i leith tobac duilleog de réir grúpa cineáil agus Ballstáit le haghaidh fhómhair 2002, 2003 agus 2004, agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2075/92[28]. Níor chumhdaigh an Rialachán sin ach fómhair 2002, 2003 agus 2004 agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

– Rialachán (CE) Uimh. 527/2003 ón gComhairle an 17 Márta 2003 lena n-údaraítear fíonta áirithe arna n-allmhairiú ón Airgintín a thairiscint agus a sheachadadh lena gcaitheamh go díreach ag daoine, ar fíonta iad a bhféadfadhchleachtais fhíoneolaíocha nach bhforáiltear dóibh i Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999[29] a bheith déanta orthu. Bhí sé i gceist go dtabharfaí maolú isteach leis an Rialachán sin a bheadh infheidhme go dtí an 30 Meán Fómhair 2003 agus dá bhrí sin tá a éifeachtaí ídithe.

(3) Ar mhaithe le soiléireacht agus slándáil dlí, ba cheart na Rialacháin sin atá imithe i seandacht a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2052/69, (CEE) Uimh. 1467/70, (CEE) Uimh. 3279/75, (CEE) Uimh. 1078/77, (CEE) Uimh. 1853/78, (CEE) Uimh. 2580/78, (CEE) Uimh. 1/81, (CEE) Uimh. 1946/81, (CEE) Uimh. 2989/82, (CEE) Uimh. 3033/83, (CEE) Uimh. 564/84, (CEE) Uimh. 2997/87, (CEE) Uimh. 1441/88, (CEE) Uimh. 1720/91, (CEE) Uimh. 740/93, (CEE) Uimh. 741/93, (CEE) Uimh. 744/93, (CE) Uimh. 2443/96, (CE) Uimh. 2200/97, (CE) Uimh. 2330/98, (CE) Uimh. 2800/98, (CE) Uimh. 2802/98, (CE) Uimh. 660/1999, (CE) Uimh. 546/2002, (CE) Uimh. 527/2003.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/sa [...],

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

[28] IO L 84, 28.3.2002, lch. 4.
[29] IO L 78, 25.3.2003, lch. 1.